2025/1224

19.6.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1224 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 17 Meitheamh 2025

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/199 (EUNAVFOR ASPIDES/3/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583, lenar bunaíodh oibríocht mhíleata slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 28 Eanáir 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/199 ([2]), lenar ceapadh an Ceannasóir Michail PANTOUVAKIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ón 2 Feabhra 2025.

(4) An 14 Aibreán 2025, mhol údaráis mhíleata na hIodáile an Captaen Andrea QUONDAMATTEO a cheapadh i gcomharbas ar an gCeannasóir Michail PANTOUVAKIS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh. Chuir údaráis na hIodáile in iúl go dtabharfar ardú céime don Chaptaen Andrea QUONDAMATTEO, go Seachaimiréal, nuair a cheapfar é.

(5) An 9 Bealtaine 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES leis an gCaptaen Andrea QUONDAMATTEO a cheapadh ón 1 Iúil 2025.

(6) An 14 Bealtaine 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh sé go gceapfaí an Captaen Andrea QUONDAMATTEO ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Andrea QUONDAMATTEO a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/199 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Seachaimiréal, Andrea QUONDAMATTEO ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ón 1 Iúil 2025.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2025/199 a aisghairm.

([1]) IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/199 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 28 Eanáir 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2763 (EUNAVFOR ASPIDES/1/2025) (IO L, 2025/199, 30.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/199/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

W. FRYDRYSZEK